- (g) Aithneoidh Andóra na ceadúnais Chomhphobail agus na fianuithe tiománaithe arna n-eisiúint ag Ballstáit an Aontais i gcomhréir leis an Rialachán arna oiriúnú san Iarscríbhinn seo. Chun críocha an aitheantais sin, i bhForálacha Ginearálta an cheadúnais Chomhphobail, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán, arna oiriúnú le Foscíbhinn 2 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, agus an fhianaithe tiománaí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán, arna oiriúnú le Foscíbhinn 3 a ghabhann le hIarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, is ‘Comhphobal agus Andóra’ a léifear in ionad tagairtí do ‘Ballstáit’ agus is ‘Ballstát/Ballstáit an Aontais agus Andóra’ a léifear in ionad tagairtí do ‘Ballstáit.’
10. 32009 R 1073: Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88) a ceartaíodh le IO L 272, 16.10.2015, lch. 15, arna leasú le:

- 32012 R 0611: Rialachán (AE) Uimh. 611/2012 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2012 (IO L 178, 10.7.2012, lch. 4),
- 32013 R 0517: Rialachán (AE) Uimh. 517/2013 ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013 (IO L 158, 10.6.2013, lch. 1).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2):

‘I gcás iompair ó Pháirtí Comhlachaithe chuig tríu tir agus vice versa, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an gcuid sin d'aon turas a dhéanfar laistigh de chríoch Páirtí Chomhlachaithe ag bailiú nó ag scaoileadh amach, mura gcomhaontóidh na Páirtithe Comhlachaithe a mhalaire.’

- (b) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1(3).
- (c) Cuirfear Foscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán.
- (d) Aithneoidh Andóra an ceadúnas Comhphobail arna eisiúint ag Ballstáit an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo. Chun críocha an aitheantaí sin, i bhForálacha Ginearálta an cheadúnais Chomhphobail, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán, arna oiriúnú le Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, is ‘Ballstát/Ballstáit an Aontais agus Andóra’ a léifeart in ionad tagairtí do ‘Ballstát/Ballstáit.’ ”
- (e) Aithneoidh an tAontas agus a Bhallstáit na ceadúnais arna n-eisiúint ag Andóra i gcomhréir leis an Rialachán arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe seo in Iarscríbhinn 2, Foscríbhinn 4 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.

- (f) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad an téacs in Airteagal 16(1)(e) den Rialachán: ‘CBL (cáin bhreisluacha) nó cáin láimhdeachais ar sheirbhísí iompair.’
11. 32014 R 0361: Rialachán (AE) Uimh. 361/2014 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2014 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 maidir le doiciméid le haghaidh iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2121/98 ón gCoimisiún (IO L 107, 10.4.2014, lch. 39), a ceartaíodh le IO L 258, 3.10.2015, lch. 11.

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Tabharfaidh Ballstáit an Aontais agus Andóra aitheantas frithpháirteach do na doiciméid maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste agus de bhus arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh 1073/2009.
- (b) In Airteagal 7, cuirfear na focail ‘an reachtaíocht is infheidhme de bhun an Chomhaontaithe Comhlachais’ in ionad ‘reachtaíocht an Aontais’.
- (c) Sna doiciméid a leagtar amach in Iarscríbhinní II go VI den Rialachán, léifear na focail ‘Ballstát/Ballstáit’ mar ‘Ballstát/Ballstáit an Aontais Eorpaigh nó Andóra’, léifear na focail ‘reachtaíocht an Aontais’ agus ‘reachtaíocht ábhartha an Aontais’ mar ‘an Comhaontú Comhlachais’, léifear na focail ‘reachtaíocht an Chomhphobail’ mar ‘an reachtaíocht is infheidhme de bhun an Chomhaontaithe Comhlachais’ agus léifear ‘ceadúnas Comhphobail’ mar ‘ceadúnas’.

- (d) Léifear téacs phointe 1(v) i gcuid C den doiciméad a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán mar ‘an cháin bhreisluacha (CBL) nó an cháin láimhdeachais ar na seirbhísí iompair. ”
- (e) Sna doiciméid a leagtar amach in Iarscríbhinní II, III, IV, V agus VI den Rialachán, curfear na focail ‘Andóra (AND)’ le haon liosta comharthaí idirdhealaitheacha idirnáisiúnta agus curfear na focail ‘arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe Comhlachais le hAndóra’ tar éis na bhfocal ‘Rialachán (CE) Uimh 1073/2009’ agus tar éis na bhfocal ‘Rialachán (CE) Uimh 1073/2009 an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus agus lena leasaítar Rialachán (CE) Uimh 561/2006’.
- (f) Cuirfear Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo in ionad Iarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 1073/2009.
- (g) Aithneoidh an tAontas agus a Bhallstáit na doiciméid arna n-eisiúint ag Andóra i gcomhréir le hIarscríbhinn 2, a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
- (h) I dtábla an doiciméid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI den Rialachán, curfear isteach an giorrúchán ‘AND’, mar a léirítear in Iarscríbhinn 2, Foscríbhinn 7 a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo.
12. 31992 R 3912: Rialachán (CEE) Uimh. 3912/92 ón gComhairle an 17 Nollaig 1992 maidir le rialuithe arna ndéanamh sa Chomhphobal i réimse an iompair de bhóthar agus d’uiscebhealach intíre i ndáil le modhanna iompair arna gclárú nó arna gcur i gcúrsaíocht i dtríú thír. (IO L 395, 31.12.1992, lch. 6).

13. 31990 R 3916: Rialachán (CEE) Uimh. 3916/90 ón gComhairle an 21 Nollaig 1990 maidir le bearta atá le glacadh i gcás géarchéime sa mhargadh in iompar earraí de bhóthar (IO L 375, 31.12.1990, lch. 10).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) I gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 4:

- (i) Má fhaigheann an Coimisiún Eorpach iarraidh ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ó Andóra bearta coimirce a ghlacadh, tabharfar fógra faoin iarraidh sin don Chomhchoiste gan mhoill agus cuirfear an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil dó.
- (ii) Arna iarraidh sin do Pháirtí Comhlachaithe, reáchtálfar comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste. Féadfar comhairliúcháin den sórt sin a iarraidh freisin i gcás síneadh a chur leis na bearta coimirce.
- (iii) A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún Eorpach cinneadh, tabharfaidh sé fógra láithreach don Chomhchoiste faoi na bearta a glacadh.
- (iv) Má mheasann aon cheann de na Páirtithe Comhlachaithe go gcruthódh na bearta coimirce éagothroime idir cearta agus oibleagáidí na bPáirtithe Comhlachaithe, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 97(7) den Chomhaontú seo.

- (b) Maidir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, beidh baint ag Andóra le hobair an Choiste Chomhairligh maidir lena chúramí ginearálta an staid ar an margadh iompair a leanúint agus comhairle a thabhairt maidir le bailiú na sonraí is gá chun faireachán a dhéanamh ar an margadh agus chun géarchéim a bhrath.
14. 31960 R 0011: Rialachán Uimh. 11 maidir le díothú idirdhealaithe i rátaí agus i gcoinníollacha iompair, i gcur chun feidhme Airteagal 79(3) den Chonradh ag bunú Chomphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 52, 16.08.1960, lch. 1121), a leasaíodh le:
- 31984 R 3626: Rialachán (CEE) Uimh. 3626/84 ón gComhairle an 19 Nollaig 1984 (IO L 335, 22.12.1984, lch. 4),
 - 32008 R 0569: Rialachán (CE) Uimh. 569/2008 ón gComhairle an 12 Meitheamh 2008 (IO L 161, 20.6.2008, lch. 1).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Déanfar Airteagail 11 go 26 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Creat-Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú seo.

15. 32009 R 0169: Rialachán (CE) Uimh 169/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 lena gcuirtear rialacha iomaíochta i bhfeidhm maidir le hiompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre (Leagan códaithe) (IO L 61, 5.3.2009, lch. 1).

Liostaítear anseo é chun críocha faisnéise amháin. Maidir le hiarratas, féach Iarscríbhinn XIV maidir le hIomaíocht.

16. 31974 R 2988: Rialachán (CEE) Uimh. 2988/74 ón gComhairle an 26 Samhain 1974 maidir le tréimhsí teorann in imeachtaí agus le forfheidhmiú smachtbhannaí faoi rialacha Chomphobal Eacnamaíochta na hEorpa a bhaineann le hiompar agus le hiomaíocht (IO L 319, 29.11.1974, lch. 1), a leasaídóh le:

- 32003 R 0001: Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1).

Liostaítear anseo é chun críocha faisnéise amháin. Le haghaidh cur i bhfeidhm, féach Creat-Phrótacl 4 a ghabhann leis an gComhaontú seo.

17. 31989 R 4058: Rialachán (CEE) Uimh 4058/89 ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 maidir le rátaí a shocrú d'iompar earraí de bhóthar idir na Ballstáit (IO L 390, 30.12.1989, lch. 1).

18. 32006 R 0561: Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaíttear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 195, 20.7.2016, lch. 83, arna leasú le:
- 32009 R 1073: Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 (IO L 300, 14.11.2009, lch. 88),
 - 32014 R 0165: Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1),
 - 32020 R 1054: Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1).
19. 32010 R 0581: Rialachán (AE) Uimh. 581/2010 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2010 maidir leis na huastréimhsí chun sonraí ábhartha a íoslódáil ó aonaid feithicle agus ó chártaí tiománaí (IO L 168, 2.7.2010, lch. 16).
20. C(2011)3759/F1: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 7.6.2011 maidir leis an am tiomána laethúil a ríomh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (nár foilsíodh san IO, féach:
https://transport.ec.europa.eu/system/files/2016-09/2011_3759_en.pdf).

21. 32017 D 1013: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1013 ón gCoimisiún an 30 Márta 2017 lena dtarraingítear suas an fhoirm chaighdeánach tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2017) 1927) (IO L 153, 16.6.2017, lch. 28).
22. 32022 R 1012: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin a bhunú lena sonraítear leibhéal seirbhíse agus slándála na limistéar páirceála sábháilte slán agus leis na nósanna imeachta chun iad a dheimhniú (IO L 170, 28.6.2022, lch. 27).
23. 32014 R 0165: Mar a leagtar amach in Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1), arna leasú le:
 - 32020 R 1054: Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) D'ainneoin Airteagal 3(1) agus an tríú fomhír agus an fhomhír dheireanach d'Airteagal 8(1), 2 bliaín ar a dhéanaí ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar gach feithicil atá cláraithe in Andóra a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus a bhíonn ag gabháil go heisiach d'iompar náisiúnta a fheistiú le tacagraf digiteach atá i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(b) In Iarscríbhinn II, caibidil I, pointe 1(a), cuirfear an méid seo a leanas le liosta na sainiuimhreacha nó na sainlitreacha le haghaidh na tíre a d'eisigh an formheas:

‘Andóra 41’.

24. 32016 R 0068: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/68 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2016 maidir le nósanna imeachta comhchoiteanna agus na sonraíochtaí is gá chun cláir leictreonacha agus cártaí tiomána a nascadh le chéile (IO L 15, 22.1.2016, lch. 51), arna leasú le:

– 32017 R 1503: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1503 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2017 (IO L 221, 26.8.2017, lch. 10).

25. 32016 R 0799: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/799 ón gCoimisiún an 18 Mártá 2016 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos na ceanglais chun tacagraif agus comhpháirteanna tacagraif a dhéanamh, a thástáil, a shuiteáil, a oibriú agus a dheisiú (IO L 139, 26.5.2016, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 146, 3.6.2016, lch. 31, arna leasú le:
- 32018 R 0502: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/502 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2018 (IO L 85, 28.3.2018, lch. 1),
 - 32020 R 0158: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/158 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 (IO L 34, 6.2.2020, lch. 20),
 - 32021 R 1228: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1228 ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 (IO L 273, 30.7.2021, lch. 1), arna leasú le:
 - 32023 R 0980: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/980 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2023 (IO L 134, 22.5.2023, lch. 28).
 - 32023 R 0980: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/980 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2023 (IO L 134, 22.5.2023, lch. 28).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) In Iarscríbhinn 1C, Roinn 4.1, cuirfear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh an tábla ar chomharthaí idirdhealaitheacha i gceanglas (229):

‘sainchomhartha Andóra, prioritáilte i ndubh agus éilips dhubh timpeall air. Is mar seo a leanas a bheidh an sainchomhartha:

‘Andóra AND’.

- (b) In Iarscríbhinn II, caibidil I, pointe 1(a), cuirfear an méid seo a leanas le liosta na sainiuimhreacha nó na sainlitreacha le haghaidh na tíre a d'eisigh an formheas:

‘Andóra 41’.

26. 32017R0548: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/548 ón gCoimisiún an 23 Márta 2017 lena leagtar síos foirm chaighdeánach don ráiteas i scríbhinn maidir le tacagraf a bhaint nó a bhriseadh (IO L 79, 24.3.2017, lch. 1).

27. 32006 L 0022: Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh 3820/85 ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh 3821/85 ón gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 35), arna leasú le:
- 32009 L 0004: Treoir 2009/4/CE ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2009 (IO L 21, 24.1.2009, lch. 39),
 - 32009 L 0005: Treoir 2009/5/CE ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2009 (IO L 29, 31.1.2009, lch. 45), a ceartaíodh le IO L 256, 29.9.2009, lch. 38,
 - 32016 R 0403: Rialachán (AE) 2016/403 ón gCoimisiún an 18 Márta 2016 (IO L 74, 19.3.2016, lch. 8),
 - 32020 L 1057: Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49),
28. 32007 D 0230: Cinneadh 2007/230/CE ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2007 maidir le foirm a bhaineann le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar (IO L 99, 14.4.2007, lch. 14), arna leasú le:
- 32009 D 0959: Cinneadh ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2009 (IO L 330, 16.12.2009, lch. 80),

29. 32022 R 0695: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/695 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le foirmle choiteann chun rátáil riosca gnóthas iompair a ríomh (IO L 129, 3.5.2022, lch. 33).
30. 32020 L 1057: Treoir (AE) 2020/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 249, 31.7.2020, lch. 49).
31. 32021 R 2179: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2179 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2021 maidir le feidhmiúlachtaí an chomhéadain phoiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh i dtaca le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar (IO L 443, 10.12.2021, lch. 68).
32. 32002 L 0015: Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márt 2002 maidir le heagrú amanna oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35), a ceartaíodh le IO L 57, 24.2.2007, lch. 28.
33. 32010 L 0035: Treoir 2010/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 2010 maidir le brú-threalamh iniompartha agus lena n-aisghairtear Treoir 76/767/CEE, Treoir 84/525/CEE, Treoir 84/526/CEE, Treoir 84/527/CEE agus Treoir 1999/36/CE ón gComhairle (IO L 165, 30.6.2010, lch. 1).

34. 32014 L 0045: Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsíula ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE IO L 127, 29.4.2014, lch. 51, a ceartaíodh le IO L 219, 22.8.2019, lch. 25, arna leasú le:

- 32021 L 1717: Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1717 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2021 (IO L 342, 27.9.2021, lch. 48),

Léifear forálacha na Treorach seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1.

Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1, beidh feidhm ag Airteagal 8(3) den Treoir maidir le hAndóra d'aithint deimhnithe ródacmhainneachta arna n-eisiúint ag Ballstát de chuid an Aontais i gcás athchlárú in Andóra ar fheithicil atá cláraithe sa Stát deimhniúcháin.

35. 32021 R 0621: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/621 an 17 Aibreán 2019 ón gCoimisiún maidir leis an bhfaisnéis theicniúil is gá chun tástáil ródacmhainneachta a dhéanamh ar na hítimí a bheidh le tástáil, maidir le húsáid na modhanna molta agus lena mbunaítear rialacha mionsonraithe i ndáil le formáid na sonraí agus na nósanna imeachta chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis theicniúil ábhartha (IO L 108, 23.4.2019, lch. 5).

Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo.

Tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1.

36. 32014 L 0047: Treoir 2014/47/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le cigireacht theicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a bhíonn ag gluaiseacht san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/30/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 134), a ceartaíodh le IO L 197, 4.7.2014, lch. 87 agus IO L 219, 22.8.2019, lch. 77, arna leasú le:
 - 32021 L 1716: Treoir Tharmligthe (AE) 2021/1716 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2021 (IO L 342, 27.9.2021, lch. 45),
37. 32017 R 2205: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2205 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2017 maidir le rialacha mionsonraithe a bhaineann leis na nósanna imeachta chun fógra a thabhairt i leith feithiclí tráchtála a bhfuil móreasnaimh nó easnaimh chontúirteacha orthu arna sainaithint le linn cigireacht theicniúil cois bóthair (IO L 314, 30.11.2017, lch. 3).

38. 31992 L 0006: Treoir 92/6/CEE ón gComhairle an 10 Feabhra 1992 maidir le feistí teorannaithe luais le haghaidh aicmí áirithe mótarfheithiclí sa Chomhphobal a shuiteáil agus a úsáid (IO L 57, 2.3.1992, lch. 27), arna leasú le:
- 32002 L 0085: Treoir 2002/85/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 (IO L 327, 4.12.2002, lch. 4).
39. 31991 L 0671: Treoir 91/671/CEE ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le húsáid éigeantach criosanna sábhála agus córas srianta linbh i bhfeithiclí (IO L 373, 31.12.1991, lch. 26), arna leasú le:
- 32003 L 0020: Treoir 2003/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Aibreán 2003 (IO L 115, 9.5.2003, lch. 63),
 - 32014 L 0037: Treoir Cur Chun Feidhme 2014/37/AE ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2014 (IO L 59, 28.2.2014, lch. 32).
40. 32007 L 0038: Treoir 2007/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le scátháin a iarfheistiú i bhfeithiclí earraí troma atá cláraithe sa Chomhphobal (IO L 184, 14.7.2007, lch. 25).

41. 31999 L 0037: Treoir ón gCoimisiún 1999/37/CE an 29 Aibreán 1999 maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh mótarfheithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57), arna leasú le:
- 32003 L 0127: Treoir 2003/127/CE ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2003 (IO L 10, 16.1.2004, lch. 29),
 - 32006 L 0103: Treoir 2006/103/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2006 (IO L 363, 20.12.2006, lch. 344),
 - 32013 L 0022: Treoir 2013/22/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013. (IO L 158, 10.6.2013, lch. 356),
 - 32014 L 0046: Treoir 2014/46/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 (IO L 127, 29.4.2014, lch. 129),
 - 32022 L 0362: Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 (IO L 69, 4.3.2022, lch. 1).

Léifear forálacha na Treorach seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

Eiseoidh Andóra deimhnithe clárúcháin bunaithe ar an tsamhail a thuairiscítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir nó bunaithe ar na samhlacha a thuairiscítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir agus arna n-oiriúnú mar a leanas:

- (a) i bPointe II.4, an dara fleasc d'Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas leis:
 - 1. ‘AND: Andóra’.
- (b) i bPointe II.4, an ceathrú fleasc d'Iarscríbhinn I, cuirtear na focail ‘teangacha an Aontais agus Andóra’ in ionad ‘teangacha eile an Chomhphobail Eorpaigh’.
- (c) i bPointe II.4, an dara fleasc d'Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas leis:
 - 1. ‘AND: Andóra’.
- (d) i bPointe II.4, an ceathrú fleasc d'Iarscríbhinn II, cuirtear na focail ‘teangacha an Aontais agus Andóra’ in ionad ‘teangacha eile an Chomhphobail Eorpaigh’.
- (e) Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo. Tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1.

Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 5 den Treoir seo maidir le deimhnithe clárúcháin arna n-eisiúint ag Ballstát den Aontas chun an fheithicil a shainaithint sa trácht idirnáisiúnta ar chríoch Andóra nó chun í a athchlárú in Andóra.

42. 32006 L 0001: Treoir 2006/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le húsáid feithicí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar (IO L 33, 4.2.2006, lch. 82), arna leasú le:
- 32022 L 0738: Treoir (AE) 2022/738 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 (IO L 137, 16.5.2022, lch. 1).
43. 31998 R 2411: Rialachán (CE) Uimh 2411/98 ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le haitheantas a thabhairt, i dtrácht laistigh den Chomhphobal, do shainchomhartha an Bhallstáit ina bhfuil mótarfheithicí agus a leantóirí cláraithe (IO L 299, 10.11.1998, lch. 1).
44. 32022 L 2561: Treoir (AE) 2022/2561 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le cáilíocht tosaigh agus oiliúint thréimhsíuil tiománaithe feithicí áirithe bóthar i gcomhair iompar earraí nó paisinéirí (IO L 330, 23.12.2022, lch. 46).

Léifear forálacha na Treorach seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Cuirfear an mhír seo a leanas le hAirteagal 9:

‘De rogha air sin, tá tiománaithe dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhfuil gnáthchónaí orthu in Andóra agus atá ag obair in Andóra i dteideal an chálíocht tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 5 a fháil agus dul faoi oiliúint thréimhsíuil dá dtagraítear in Airteagal 7 i mBallstát den Aontas, fad a chomhlíonfaidh an oiliúint a chuirtear ar fáil ansin an Treoir seo go hiomlán.’

- (b) I bpointe 2(c) d’Iarscríbhinn II maidir le taobh 1 den chárta, cuirfear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an tSualainn:

‘sainchomhartha Andóra atá ciorclaithe leis an éilips dá dtagraítear in Airteagal 37 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le trácht ar bhóithre an 8 Samhain 1968 (ar aon chúlra leis an gcárta); is mar seo a leanas a bheidh an sainchomhartha:

AND: Andóra’

- (c) I bpointe 2(e) d’Iarscríbhinn II maidir le taobh 1 den chárta, cuirtear na focail ‘Samhail a fhreagraíonn do shamhail AE’ in ionad na bhfocal ‘Samhail an Aontais Eorpaigh’.
- (d) I bpointe 2(e) d’Iarscríbhinn II maidir le taobh 1 den chárta, úsáidfidh Andóra a theanga oifigiúil.
- (e) Ní bheidh feidhm ag pointe 2(f) d’Iarscríbhinn II maidir le taobh 1 den chárta maidir le hAndóra.

45. 32006 L 0126: Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le socrutithe comhthaobhachta airgeadais (Athmhúnlú) (IO L 403, 30.12.2006, lch. 18), arna leasú le:
- 32009 L 0113: Treoir 2009/113/CE ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2009 (IO L 223, 26.8.2009, lch. 31),
 - 32011 L 0094: Treoir 2011/94/AE ón gCoimisiún an Dé Luain 28 Samhain 2011 (IO L 314, 29.11.2011, lch. 31),
 - 32012 L 0036: Treoir 2012/36/AE ón gCoimisiún an Dé Luain 19 Samhain 2012 (IO L 321, 20.11.2012, lch. 54), a ceartaíodh le IO L 81, 28.3.2017, lch. 20,
 - 32013 L 0022: Treoir 2013/22/AE ón gComhairle an 13 Bealtaine 2013. (IO L 158, 10.6.2013, lch. 356),
 - 32013 L 0047: Treoir 2013/47/AE ón gCoimisiún an Dé Céadaoin 2 Deireadh Fómhair 2013 (IO L 261, 3.10.2013, lch. 29),
 - 32014 L 0085: Treoir 2014/85/AE ón gCoimisiún an Dé Máirt 1 Iúil 2014 (IO L 194, 2.7.2014, lch. 10),
 - 32015 L 0653: Treoir (AE) 2015/653 ón gCoimisiún an 24 Aibreán 2015 (IO L 107, 25.4.2015, lch. 68), a ceartaíodh le IO L 89, 1.4.2017, lch. 18,

- 32016 L 1106: Treoir (AE) 2016/1106 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2016 lena leasaítear Treoir 2006/126/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceadúnais tiomána (IO L 183, 8.7.2016, lch. 59),
- 32018 L 0645: Treoir (AE) 2018/645 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Aibreán 2018 (IO L 112, 2.5.2018, lch. 29),
- 32018 L 0933: Treoir (AE) 2018/933 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2018 (IO L 165, 2.7.2018, lch. 35),
- 32020 L 0612: Treoir (AE) 2020/612 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2020 (IO L 141, 5.5.2020, lch. 9).

Léifear forálacha na Treorach seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt d'Airteagal 1(1):

‘Beidh an sainchomhartha seo a leanas ar cheadúnais tiomána Andóra: ‘AND (Andóra).’

- (b) I bpointe 3 d'Iarscríbhinn I, cuirfear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití i litir (c) maidir le leathanach 1 den cheadúnas:

‘sainchomhartha Andóra atá ciorclaithe leis an éilips dá dtagraítear in Airteagal 37 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le trácht ar bhóithre an 8 Samhain 1968 (ar aon chúlra leis an gceadúnas tiomána); is mar seo a leanas a bheidh an sainchomhartha:’

- (c) I bpointe 3 d'Iarscríbhinn I, cuirfear an méid seo a leanas le litir (c) maidir le leathanach 1 den cheadúnas:

‘AND: Andóra’.

- (d) I bpointe 3 d'Iarscríbhinn I, cuirtear na focail ‘Samhail a fhreagraíonn do shamhail AE’ in ionad na bhfocal ‘Samhail an Aontais Eorpaigh’ i litir (e) maidir le leathanach 1 den cheadúnas.

- (e) I bpointe 3 d'Iarscríbhinn I, ní bheidh feidhm ag litir (f) maidir le leathanach 1 den cheadúnas maidir le hAndóra.

46. 32012 R 0383: Rialachán (AE) Uimh. 383/2012 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla maidir le céadúnais tiomána lena n-áirítear meán stórála (micrishlis) (IO L 120, 5.5.2012, lch. 1), arna leasú le:
- 32014 R 0575: Rialachán (AE) Uimh. 575/2014 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2014 (IO L 159, 28.5.2014, lch. 47).
- Léifear forálacha an Rialacháin seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:
- (a) I bpointe III.4.2 d'Iarscríbhinn III, cuirfear an méid seo a leanas le litir (a) maidir leis na sainiuimhreacha:
 - ‘41 i gcomhair Andóra’.
 - (b) Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacl 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacl 1, ní eiseoidh Andóra céadúnais tiomána lena n-áirítear micrishlis faoi rialacha náisiúnta seachas na rialacha sin a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh 383/2012 ón gCoimisiún.

47. 32016 D 1945: Cinneadh (AE) 2016/1945 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2016 maidir le coibhéisí idir catagóirí céadúnas tiomána (IO L 302, 9.11.2016, lch. 62).

48. 32015 L 0413: Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9).
49. 32008 L 0068: Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13), arna leasú le:
- 32009 D 0240: Cinneadh 2009/240/CE ón gCoimisiún an 4 Márta 2009 (IO L 71, 17.3.2009, lch. 23),
 - 32010 D 0187: Cinneadh 2010/187/AE ón gCoimisiún an Déardaoin 25 Márta 2010 (IO L 83, 30.3.2010, lch. 24),
 - 32010 L 0061: Treoir 2010/61/AE ón gCoimisiún an Déardaoin 2 Meán Fómhair 2010 (IO L 233, 3.9.2010, lch. 27),
 - 32011 D 0026: Cinneadh 2011/26/AE ón gCoimisiún an Dé hAoine 14 Eanáir 2011 (IO L 13, 18.1.2011, lch. 64),
 - 32012 L 0045: Treoir 2012/45/AE ón gCoimisiún an Dé Luain 3 Nollaig 2012 (IO L 332, 4.12.2012, lch. 18),

- 32014 L 0103: Treoir 2014/103/AE ón gCoimisiún an Dé hAoine 21 Samhain 2014 (IO L 335, 22.11.2014, lch. 15),
- 32015 D 0217: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/217 ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2014 (IO L 44, 18.2.2015, lch. 1),
- 32015 D 0974: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/974 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2015 (IO L 157, 23.6.2015, lch. 53),
- 32016 D 0629: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/629 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2016 (IO L 106, 22.4.2016, lch. 26),
- 32016 L 2309: Treoir (AE) 2016/2309 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2016 (IO L 345, 20.12.2016, lch. 48),
- 32017 D 0695: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/695 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2017 (IO L 101, 13.4.2017, lch. 37),
- 32018 L 0217: Treoir (AE) 2018/217 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2018 (IO L 42, 15.2.2018, lch. 52),
- 32018 D 0936: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/936 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2018 (IO L 165, 2.7.2018, lch. 42),

- 32018 L 1846: Treoir (AE) 2018/1846 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2018 (IO L 299, 26.11.2018, lch. 58),
 - 32019 D 1094: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1094 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2019 (IO L 173, 27.6.2019, lch. 52),
 - 32020 L 1833: Treoir Tharmligthe (AE) 2020/1833 ón gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2020 (IO L 408, 4.12.2020, lch. 1),
 - 32020 D 1241: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1241 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2020 (IO L 284, 1.9.2020, lch. 9),
 - 32022 D 1095: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1095 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 (*IO L 176, 1.7.2022, lch. 33*),
 - 32022 L 2407: Treoir Tharmligthe (AE) 2022/2407 ón gCoimisiún an 20 Meán Fómhair 2022 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 64).
50. 32022 L 1999: Treoir (AE) 2022/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar (códú) (IO L 274, 24.10.2022, lch. 1).

51. 32004 L 0054: Treoir 2004/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le híoscheanglais sábháilteachta do tholláin sa ghréasán bóithre tras-Eorpach (IO L 201, 7.6.2004, lch. 56), a ceartaíodh le IO L 201, 7.6.2004, lch. 56.

Léifear forálacha na Treorach seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra aon tollán atá níos faide ná 500 m a thógail ar a chríoch faoi rialacha náisiúnta seachas na rialacha sin a leagtar síos sa Treoir seo agus cuirfidh sé forálacha na Treorach seo i bhfeidhm maidir leis na tolláin faoi seach.

52. 32008 L 0096: Treoir 2008/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le sábháilteacht an bhoneagair bóithre a bhainistiú (IO L 319, 29.11.2008, lch. 59), arna leasú le:

- 32019 L 1936: Treoir (AE) 2019/1936 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 (IO L 305, 26.11.2019, lch. 1).

53. 31996 L 0053: Treoir 96/53/CE ón gComhairle an 25 Iúil 1996 ag leagan síos toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus meáchan údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal (IO L 235, 17.9.1996, lch. 59), a leasaíodh le:
- 32002 L 0007: Treoir 2002/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 (IO L 67, 9.3.2002, lch. 47),
 - 32015 L 0719: Treoir (AE) 2015/719 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 (IO L 115, 6.5.2015, lch. 1), a ceartaíodh le IO L 277, 27.10.2022, lch. 314,
 - 32019 D 0984: Cinneadh (AE) 2019/984 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 (IO L 164, 20.6.2019, lch. 30),
 - 32019 R 1242: Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202),
54. 32019 R 1213: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1213 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe lena n-áirithítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le hidir-inoibritheacht agus comhoiriúnacht trealaímh meáite ar bord a chur chun feidhme de bhun Threoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 192, 18.7.2019, lch. 1).

55. 31989 L 0459: Treoir 89/459/CEE ón gComhairle an 18 Iúil 1989 maidir le comhfhogasú dhhlíthe na mBallstát a bhaineann le doimhneacht tráchta bonn catagóirí áirithe mótarfheithiclí agus a leantóirí (IO L 226, 3.8.1989, lch. 4).

CAIBIDIL 3

IOMPAR D'IARNROD

Léifear forálacha ghníomhartha dlí an Aontais atá liostaithe sa Chaibidil sin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir leis an méid seo a leanas:
- (i) Treoir 2012/34/AE, cé is moite de Chaibidil I (Airteagail 1-3), Caibidil III (Airteagail 16 go 25) agus Caibidil V (Airteagail 58-67) de Threoir 2012/34/AE;
- (ii) Gníomhartha dlí an Aontais a liostaítear thíos faoi Phointí 3. go 56.
- (b) Le linn na tréimhse fionraíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1:
- (i) Ní údaróidh Andóra bunú ná cur i seirbhís aon chórais iarnróid a thagann faoi raon feidhme na ngníomhartha sin laistigh dá chríoch:

- (ii) Ní údaróidh Andóra údarás ceadúnúcháin, ionaid oliúna a bhunú ná ní thabharfaidh sé isteach coinníollacha agus nósanna imeachta maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu sa chórás iarnróid faoi rialacha náisiúnta seachas na rialacha sin atá leagtha síos i ngníomhartha dlí an Aontais atá liostaithe thíos faoi phointí 19. go 22.;
- (iii) Ní údaróidh Andóra trealamh iarnróid a chur ar an margadh nó a chur i seirbhís i ndáil le dearadh, tógáil, uasghrádú, athnuachan, oibriú agus cothabháil trealaimh den sórt sin faoi rialacha náisiúnta seachas na rialacha sin a leagtar síos i ngníomhartha dlí an Aontais a liostaítear thíos faoi phointí 23 go 44.
1. 31960 R 0011: Rialachán Uimh. 11 maidir le díothú idirdhealaithe i rátaí agus i gcoinníollacha iompair, i gcur chun feidhme Airteagal 79(3) den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 52, 16.08.1960, lch. 1121) a leasaíodh le:
- 31984 R 3626: Rialachán (CE) Uimh. 3626/84 ón gComhairle an 19 Nollaig 1984 (IO L 335, 22.12.1984, lch. 4),
 - 32008 R 0569: Rialachán (CE) Uimh 569/2008 ón gComhairle an 12 Meitheamh 2008 (IO L 161, 20.6.2008, lch. 1).
2. 32012 L 0034: Treoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid (IO L 343, 14.12.2012, lch. 32), a ceartaíodh le IO L 67, 12.3.2015, lch. 32, arna leasú le:
- 32016 L 2370: Treoir (AE) 2016/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 (IO L 352, 23.12.2016, lch. 1),

- 32017 D 2075: Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2075 ón gCoimisiún an 04 Meán Fómhair 2017 (IO L 295, 14.11.2017, lch. 69).
3. 32015 R 0010: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/10 ón gCoimisiún an 6 Eanáir 2015 maidir le critéir d’iarratasóirí ar acmhainn bonneagair iarnróid agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 870/2014 (IO L 3, 7.1.2015, lch. 34).
 4. 32015 R 0171: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/171 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2015 maidir le gnéithe áirithe den nós imeachta um cheadúnú gnóthas iarnróid (IO L 29, 5.2.2015, lch. 3).
 5. 32015 R 0429: ‘Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/429 ón gCoimisiún an 13 Mártá 2015 lena leagtar amach na módúlachtaí atá le leanúint chun gearradh costas a chur i bhfeidhm ar éifeachtaí torainn (IO L 70, 14.3.2015, lch. 36).
 6. 32015 R 0909: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/909 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2015 maidir leis na módúlachtaí chun costas a ríomh a tabhaíodh go díreach de thoradh an tseirbhís traenach a oibriú (IO L 148, 13.6.2015, lch. 17).
 7. 32015 R 1100: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1100 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2015 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát faoi chuimsiú faireacháin ar an margadh iarnróid (IO L 181, 9.7.2015, lch. 1).

8. 32016 R 0545: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/545 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2016 maidir le nósanna imeachta agus critéir a bhaineann le creat-chomhaontuithe maidir le leithdháileadh toilleadh bonneagair iarnróid (IO L 94, 8.4.2016, lch. 1).
9. 32017 R 2177: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2177 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2017 maidir le rochtain ar shaoráidí seirbhísí agus ar sheirbhísí a bhaineann leis an iarnród (IO L 307, 23.11.2017, lch. 1).
10. 32018 R 1795: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1795 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2018 lena leagtar síos nós imeachta agus critéir maidir le cur i bhfeidhm na tástála cothromáiochta eacnamaíche de bhun Airteagal 11 de Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 294, 21.11.2018, lch. 5).
11. 32010 R 0913: Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 22), arna leasú le:
 - 32013 R 1316: Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129).
12. 32015 D 1111: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1111 ón gCoimisiún an 7 Iúil 2015 maidir le comhlíonadh an togra chomhpháirtigh a thíolaic na Ballstáit lena mbaineann maidir le síneadh a chur le saorbhealach lasta iarnróid na Mara Thuaidh-Bailt le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le líonra Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 181, 9.7.2015, lch. 82).

13. 32017 D 0177: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/177 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2017 maidir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhlíonadh an togra chomhpháirtigh chun an saorbhealach lasta iarnróid ‘Ómra’ a bhunú (IO L 28, 2.2.2017, lch. 69).
14. 32017 D 0178: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/178 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2017 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1111 maidir le comhlíonadh an togra chomhpháirtigh ó na Ballstáit lena mbaineann chun síneadh a chur le saorbhealach lasta iarnróid na Mara Thuaidh-na Mara Bailt le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gréasán Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 28, 2.2.2017, lch. 71).
15. 32018 D 0300: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/300 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2018 maidir le comhlíonadh an togra chomhpháirtigh a thíolaic na Ballstáit lena mbaineann maidir le síneadh a chur le saorbhealach lasta iarnróid an Atlantaigh le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 56, 28.2.2018, lch. 60).
16. 32018 D 0491: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/491 ón gCoimisiún an 21 Márt 2018 maidir le comhlíonadh an togra chomhpháirtigh a thíolaic na Ballstáit lena mbaineann maidir le síneadh a chur le saorbhealach lasta iarnróid na Meánmhara Mara Thuaidh le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (OJ L 81, 23. 3.2018, lch. 23).

17. 32018 D 0500: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/500 ón gCoimisiún an 22 Márta 2018 maidir le comhlíonadh an togra chun saorbhealach lasta iarnróid na nAlp-na mBalcán Thiar a bhunú le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 82, 26.3.2018, lch. 13).
18. 32020 D 2168: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2168 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 maidir le comhlíonadh an togra chomhpháirtigh a thíolaic na Ballstáit lena mbaineann maidir le síneadh a chur le saorbhealach lasta iarnróid na Mara Thuaidh-Bailt le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le líonra Eorpach iarnróid i gcomhair lasta iomaíoch (IO L 431, 21.12.2020, lch. 72).
19. 32007 L 0059: Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le deimhniúchán a dhéanamh ar thiománaithe traenach a bhfuil innill féinghluaiste agus traenacha á n-oibriú acu i gcóras iarnróid an Chomhphobail (IO L 315, 3.12.2007, lch. 51), arna leasú le:
 - 32014 L 0082: Treoir 2014/82/AE ón gCoimisiún an Dé Máirt 24 Meitheamh 2014 (IO L 184, 25.6.2014, lch. 11),
 - 32016 L 0882: Treoir (AE) 2016/882 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2016 (IO L 146, 3.6.2016, lch. 22),

- 32019 R 0554: Rialachán (AE) 2019/554 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2019 (IO L 97, 8.4.2019, lch. 1).
20. 32010 R 0036: Rialachán (AE) Uimh. 36/2010 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2009 maidir le múnláí an Chomhphobail do cheadúnais tiomána traenach, deimhnithe comhlántacha, cóipeanna deimhnithe de dheimhnithe comhlántacha agus foirmeacha iarratais ar cheadúnais tiomána traenach, faoi Threoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 13, 19.1.2010, lch. 1), a ceartaídhe le IO L 286, 4.11.2010, lch. 22, arna leasú le:
- 32013 R 0519: Rialachán (AE) Uimh. 519/2013 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2013 (IO L 158, 10.6.2013, lch. 74).
21. 32010 D 0017: Cinneadh 2010/17/CE ón gCoimisiún an 29 Deireadh Fómhair 2009 maidir le paraiméadair bhunúsacha a ghlacadh faoi chláir na gceadúnas tiomána traenach agus faoi dheimhnithe comhlántacha dá bhforáiltear faoi Threoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 8, 13.1.2010, lch. 17).
22. 32011 D 0765: Cinneadh 2011/765/AE ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 maidir le critéir chun aitheantas a thabhairt d'ionaid oiliúna a bhfuil baint acu le hoiliúint a chur ar thiománaithe traenach, critéir chun aitheantas a thabhairt do scrúdaitheoirí tiománaithe traenach agus critéir chun scrúduithe a eagrú i gcomhréir le Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 314, 29.11.2011, lch. 36).

23. 32016 L 0797: Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach (athmhúnlú) (IO L 138, 26.5.2016, lch. 44), arna leasú le:
- 32020 L 0700: Treoir (AE) 2020/700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 (IO L 165, 27.5.2020, lch. 27).
24. 32017 D 1474: Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha chun sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú (IO L 210, 15.8.2017, lch. 5).
25. 32018 R 0545: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2018 lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir leis an bpróiseas údaraithe um fheithicí iarnróid agus um chineál feithicí iarnróid de bhun Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 90, 6.4.2018, lch. 66).
26. 32018 D 1614: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1614 an 25 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh na gclár feithicí dá dtagraítear in Airteagal 47 de Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/756/CE ón gCoimisiún (IO L 268, 26.10.2018, lch. 53).

